**FÓGRA FOLÚNTAIS Uimh.PE/237/S**

**Stiúrthóir (BEAN/FEAR) (Grúpa Feidhme AD, grád 14)**

**AN ARD-STIÚRTHÓIREACHT UM BONNEAGAR AGUS UM LÓISTÍOCHT — AN STIÚRTHÓIREACHT UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE SAORÁIDÍ**

1. **Folúntas**

Tá cinneadh déanta ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa tús a chur leis an nós imeachta chun post mar **Stiúrthóir** ([1]) (AD, grád 14) a líonadh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus um Lóistíocht – An Stiúrthóireacht um Bainistiú Comhtháite Saoráidí, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([2]) (dá ngairtear 'Rialacháin Foirne' anseo feasta).

Seolfar an nós imeachta roghnúcháin seo, a bhfuil sé d'aidhm aige an rogha is leithne d'iarrthóirí a thabhairt don Údarás Ceapacháin, ag an am céanna leis na nósanna imeachta inmheánacha agus idirinstitiúideacha chun poist a líonadh.

Déanfar an earcaíocht ar ghrád AD14 ([3]). Is é EUR 14 837,60 in aghaidh na míosa an buntuarastal. I dteannta an bhuntuarastail atá faoi réir cáin Chomhphobail agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta, tá liúntais áirithe a d'fhéadfaí a íoc leis an té a cheapfar, de réir mar a leagtar amach sna Rialacháin Foirne.

Cuirtear in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil an post seo faoi réir na rialacha maidir leis an mbeartas soghluaisteachta arna nglacadh ag Biúró Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2018.

Éilítear solúbthacht leis an bpost seo agus go ndéanfar teagmháil go rialta le daoine laistigh agus lasmuigh den Pharlaimint, go háirithe leis na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Beidh ar an Stiúrthóir taisteal go minic idir láithreacha oibre na Parlaiminte agus go dtí láithreacha eile lasmuigh díobh.

2. **Ionad Fostaíochta**

Lucsamburg. D'fhéadfaí an post seo a aistriú go dtí ceann de láithreacha oibre eile Pharlaimint na hEorpa.

3. **Comhionannas Deiseanna**

Is fostóir comhionannais deiseanna í Parlaimint na hEorpa agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

4. **Cúraimí an phoist**

Mar oifigeach sinsearach, beidh an Stiúrthóir freagrach as na dualgais seo a leanas, de réir na dtreoirlínte agus na gcinntí arna leagan síos ag an Údarás parlaiminteach agus ag an Ardstiúrthóir ([4]):

— a áirithiú go mbeidh eintiteas mór in Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa, ina bhfuil roinnt aonad atá freagrach as réimsí inniúlachta na Stiúrthóireachta, ag feidhmiú go maith;

— foirne d'oifigigh a bhainistiú, a mhaoirsiú, a spreagadh agus a chomhordú; an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na roinne agus caighdeán cáilíochta na seirbhíse (eagrú, bainistiú acmhainní daonna agus buiséid, nuáil etc.) á áirithiú sna réimsí gníomhaíochta;

([1]) Aon tagairt san fhógra seo do dhuine den ghnéas fireann measfar freisin gur tagairt í do dhuine den ghnéas baineann, agus a mhalairt go cruinn.

([2]) Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1) arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

([3]) Earcófar an t-oifigeach sa chéim is iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 32 de na Rialacháin Foirne.

([4]) Féach an Iarscríbhinn do phríomhdhualgais an phoist seo.

— gníomhaíochtaí na Stiúrthóireachta (cuspóirí agus straitéisí a leagan amach) a phleanáil; na cinntí is gá a ghlacadh chun na cuspóirí a bheidh leagtha síos a ghnóthú; measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil chun cáilíocht na seirbhísí sin a ráthú;

— comhairle a chur ar an Ardstiúrthóir, ar an Ardrúnaí agus ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa sna réimsí gníomhaíochta;

— comhoibriú leis na stiúrthóireachtaí éagsúla san Ardrúnaíocht, ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid agus conarthaí nó comhaontuithe a chaibidliú ina réimsí gníomhaíochta;

— tionscadail shonracha a bhféadfadh freagrachtaí airgeadais a bheith ag gabháil leo a bhainistiú agus a thabhairt chun críche;

— feidhmeanna oifigigh údaraithe trí fhotharmligean a fheidhmiú.

5. **Incháilitheacht**

Tá an nós imeachta roghnúcháin seo ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann na critéir riachtanacha seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratas a chur isteach:

(a) **Coinníollacha ginearálta**

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní mór do na hiarrthóirí:

— a bheith ina náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;

— a lánchearta mar shaoránach a bheith á dteachtadh acu;

— a ndualgais a bheith comhlíonta acu i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí;

— na teistiméireachtaí carachtair a bheith acu is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

(b) **Coinníollacha sonracha**

(i) **Cáilíochtaí, céimeanna agus an taithí ghairmiúil a éilítear**

— Nuair is é ceithre bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh,

nó

nuair is é trí bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí d'aon bhliain amháin ar a laghad ([5]) i ndiaidh na céime.

— **Dhá bhliain déag** ar a laghad de thaithí ghairmiúil a bheith bainte amach tar éis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a fháil, lena n-áirítear **sé bliana** ar a laghad i ndualgais bhainistíochta.

(ii) **Eolas a éilítear**

— Sáreolas ginearálta ar ghnóthaí Eorpacha;

— tuiscint den scoth ar shaincheisteanna a bhaineann leis na beartais inmheánacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta;

— tuiscint an-mhaith ar na cultúir éagsúla atá sna hinstitiúidí Eorpacha;

— sáreolas ar na Conarthaí;

([5]) Ní chuirfear an bhliain sin de thaithí san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an taithí ghairmiúil a éilítear sa chéad fhleasc eile den mhír seo.

— sáreolas ar struchtúr Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa, ar a heagar, ar a timpeallacht agus ar a geallsealbhóirí éagsúla;

— sáreolas ar Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, ar a nósanna imeachta reachtacha agus ar rialacha agus cleachtais inmheánacha;

— sáreolas ar na Rialacháin Foirne, ar a léirmhíniú agus ar na rialacha a dhíorthaíonn astu;

— sáreolas ar an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus ar a rialacha cur chun feidhme, agus ar rialacha inmheánacha agus forálacha eile de chuid Pharlaimint na hEorpa;

— eolas an-mhaith ar chúrsaí riaracháin (gnéithe a bhaineann le hacmhainní daonna agus/nó bainistíocht agus/nó buiséad agus/nó airgeadas agus/nó teicneolaíocht faisnéise agus/nó saincheisteanna dlíthiúla, etc.);

— sáreolas ar theicnící bainistíochta.

(iii) **Eolas ar theangacha**

Ní mór eolas sármhaith (leibhéal C1 ar a laghad ([6])) a bheith ag na hiarrthóirí ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([7]), agus eolas an-mhaith (leibhéal B2 ar a laghad([6])) a bheith acu ar cheann amháin eile ar a laghad de na teangacha sin.

Tabharfaidh an Coiste Comhairleach aird ar eolas ar theangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

(iv) **Scileanna a éilítear**

— Bua na straitéise;

— cumas ceannaireachta;

— cumas pleanála chun cinn;

— cumas freagairt d’athruithe;

— críochnúlacht;

— cumas cumarsáide.

6. **Nós imeachta roghnúcháin**

Chun cabhrú leis an Údarás Ceapacháin a rogha a dhéanamh, déanfaidh an Coiste Comhairleach um Oifigigh Shinsearacha a Cheapadh liosta iarrthóirí a chur ar bun agus molfaidh sé do Bhiúró Pharlaimint na hEorpa cé hiad na daoine a nglaofar orthu chun agallaimh. Glacfaidh an Biúró an liosta de na daoine sin, agus seolfaidh an Coiste na hagallaimh agus cuirfidh sé a thuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid an Bhiúró le haghaidh cinnidh. Ag an gcéim seo, féadfaidh an Biúró na hiarrthóirí a chur faoi agallamh.

([6]) Féach Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) — https://europass.cedefop.europa.eu/sites/default/files/cefr-en.pdf

([7]) Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

7. **Iarratais a chur isteach**

Is é an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach ná

**20 Márta 2020, ar 12:00 (meán lae, am na Bruiséile).**

Iarrtar ar na hiarrthóirí ráiteas maidir leis na cúiseanna atá acu le cur isteach ar an bpost (a bheidh i bhformáid pdf agus é dírithe chuig *Monsieur le Secrétaire général du Parlement européen, avis de recrutement numéro PE/237/S*), mar aon le *curriculum vitae* i bhformáid Europass ([8]), a sheoladh trí ríomhphost, agus ar an modh sin amháin, agus tagairt don fhógra seo (PE/237/S) i líne an ábhair, chuig an seoladh ríomhphoist a leanas:

PERS-EPSeniorManagement@ep.europa.eu

agus is é dáta agus am seolta an ríomhphoist a bheidh mar fhianú air.

**Is faoi na hiarrthóirí a bheidh sé a dheimhniú go mbeidh gach doiciméad scanta inléite.**

**Ní mór do na hiarrthóirí a gheobhaidh glao chun agallaimh, faoi dháta an agallaimh, na doiciméid tacaíochta a bhaineann lena staidéir, lena dtaithí ghairmiúil agus lena bhfreagrachtaí reatha a thabhairt ar aird, agus na doiciméid sin a bheith i bhfoirm cóipeanna nó fótachóipeanna amháin**([9]). **Ní thabharfar na doiciméid sin ar ais do na hiarrthóirí.**

Déanfar na sonraí pearsanta a chuirfidh na hiarrthóirí in iúl faoin nós imeachta roghnúcháin seo a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/222/CE ([10]).

---

([8]) http://europass.cedefop.europa.eu/
([9]) Ní bhaineann sé seo le hiarrthóirí atá ag obair do Pharlaimint na hEorpa ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais.
([10]) IO L 295 an 21.11.2018, lch. 39.

*IARSCRÍBHINN*

AN ARD-STIÚRTHÓIREACHT UM BONNEAGAR AGUS UM LÓISTÍOCHT - AN STIÚRTHÓIREACHT UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE SAORÁIDÍ

PRÍOMHCHÚRAIMÍ

*(Líon foirne iomlán de 131 ghníomhaire: 98 n-oifigeach, 12 ghníomhaire shealadacha agus 21 ghníomhaire chonarthacha)*

— Stiúradh, comhordú agus maoirsiú aonaid agus seirbhísí Stiúrthóireacht A a riar;

— Feidhmeanna oifigigh údaraithe trí fho-tharmligean a fheidhmiú;

— Nithe a bhaineann le Stiúrthóireacht A a mholadh, agus a bheith páirteach sna cinntí a bhaineann léi agus cur i bhfeidhm na nithe sin a riar;

AN tSEIRBHÍS UM CHÚNAMH COTHABHÁLA

— Na nósanna imeachta tairiscintí agus soláthair do na haonaid uile sa Stiúrthóireacht um Bainistiú Comhtháite Saoráidí a tharraingt suas agus a sheoladh;

— Iniúchóireacht ar aosú na bhfoirgneamh (trí fheidhmchlár "epiqr") a chur ar bun agus a thabhairt i gcrích; comhordú agus forbairt ar Shamhaltú Faisnéise Foirgníochta (*Building Information Modelling* (BIM));

— Maoirsiú ar Dheasc Chabhrach na bhFoirgneamh (BHD) a eagrú, a fhorbairt agus a riar le haghaidh fhoirgnimh uile Pharlaimint na hEorpa; staidreamh a chruthú; maoirsiú ar cheisteanna agus aiseolas ó na húsáideoirí;

— Aonaid oibríochtúla le haghaidh oibriú ríomhuirlisí atá sonrach do chothabháil na bhfoirgneamh, amhail GMAO, Aproplan, etc., a shainiú agus a chur i bhfeidhm, mar aon le tacaíocht a sholáthar ina leith;

— Tacaíocht riaracháin do na haonaid chothabhála a riar, trí mhaoirsiú ar bhainistiú doiciméad trasrannach amhail ceardlanna téamacha malairte idir na haonaid a eagrú, chomh maith leis na príomhtháscairí feidhmíochta agus tuarascálacha riaracháin sonracha a bhaineann leis na háiteanna oibre éagsúla a tharraingt suas agus a chomhordú;

— Tacaíocht theicniúil a thabhairt do na haonaid chothabhála, trína bheith rannpháirteach i bpleanáil agus i gcomhordú sainchomhad teicniúil sonrach a bhaineann leis na háiteanna oibre éagsúla (e.g. bonneagar le haghaidh athluchtú carranna leictreacha a chruthú, scairdeáin uisce a chur suas, etc.);

— Na socruithe riaracháin agus foligin do na foirgnimh atá ag Parlaimint na hEorpa sa Bhruiséil agus in Strasbourg a chomhordú; na nósanna imeachta cothabhála agus doiciméid ghinearálta na stiúrthóireachta a bhailiú, a rangú agus a nuashonrú;

— Tacaíocht dhlíthiúil do na haonaid oibríochtúla a mhéid a bhaineann le bainistiú na gconarthaí a riar.

AN tAONAD UM EUROPA EXPERIENCE AGUS UM SHUIRBHÉANNA AR AN MARGADH RÉADMHAOINE

— Tionscadail chóiríochta chlár 'Europa Experience' a bhainistiú chomh maith le suiteáil tosaigh na n-oifigí idirchaidrimh, lena n-áirítear comhordú ar na rannpháirtithe éagsúla;

— Maoirsiú ar na nósanna imeachta a bhaineann le foirgnimh a fháil ar cíos nó chun áitreabh nua a cheannach agus, i gcás inarb iomchuí, foirgneamh idirlinne a fháil ar cíos; na gnéithe teicniúla, eacnamaíocha agus conarthacha a ghabhann leo a tharraingt suas;

— Anailísiú agus taiscéaladh a dhéanamh ar na margaí réadmhaoine sna suíomhanna ina bhfuil oifigí idirchaidrimh na Parlaiminte, agus freisin i gcás Teach Jean Monnet, chomh maith le staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht le 'Europa Experience' a chomhtháthú iontu;

— Suíomh suiteálacha idirghníomhacha 'Europa Experience' a ullmhú i gcomhar le hAonad Parlamentarium AS COMM;

— Bainistiú teicniúil, riaracháin agus dlíthiúil na n-éadálacha, na dtionscadal cóiríochta agus na tógála a riar, chomh maith le bainistiú eacnamaíoch a dhéanamh ar na gnéithe airgeadais le tacaíocht ón Aonad um Bainistiú Fhoirgnimh na nOifigí Idirchaidrimh;

— Caibidlíocht a sheoladh le húinéirí na bhfoirgneamh ina bhfuil na hoifigí idirchaidrimh d'fhonn fadú féideartha a fháil ar an léas;

— An Mheitheal um Fhoirgnimh, um Iompar agus um an bParlaimint Ghlas a choinneáil ar an eolas go tráthrialta i dtaobh dhul chun cinn na sainchomhad a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí an aonaid agus nasc leis na húdaráis pholaitiúla a riar;

— Faoi chuimsiú an chomhair idirinstitiúidigh le hÁras na hEorpa i dtíortha éagsúla, oibleagáidí airgeadais na bpáirtithe a cheapadh agus socruithe riaracháin nó meabhráin chomhthuisceana a leagan síos.

AN tAONAD UM BAINISTIÚ AGUS UM CHOTHABHÁIL NA bhFOIRGNEAMH I LUCSAMBURG

— Bainistiú ar chothabháil na gcóras teicniúil (leictreachas, brath dóiteáin, soilsiú, téamh, aerchóiriú, suiteálacha uisce agus sláintíochta, ardaitheoirí, etc.), na n-oibreacha struchtúir agus na n-oibreacha bailchríche (siúinéireacht, ballaí, díonta, bailchríochnú, troscán fosaithe) a riar; feidhmeanna a bhaineann le bainistiú fuinnimh agus tomhaltán a riar; bainistiú glantacháin, bruscair agus spásanna glasa a riar;

— Bainistiú maoine na bhfoirgneamh ar an láthair a riar; tionscadal tógála KAD II a chur i bhfeidhm go gníomhach (páirt a ghlacadh in oibríochtaí glactha éagsúla, amhail trealamh teicniúil a ghlacadh ar láimh);

— Riarachán agus gach feidhm airgeadais, buiséadach agus dlíthiúil a ghabhann le héadáil, le fáil ar cíos agus le bainistiú na bhfoirgneamh a riar;

— Sonraíochtaí a fhorbairt agus gach nós imeachta riaracháin a chur chun feidhme le haghaidh chothabháil agus bhainistiú maoine na bhfoirgneamh ar an láthair;

— Clársceideal ilbhliantúil na staidéar/oibreacha le haghaidh uasghrádú trealaimh agus le haghaidh athfheistiú na bhfoirgneamh a bhainistiú;

— Na beartais chomhshaoil a chur i bhfeidhm, feabhsú ar rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú, feabhas a chur ar dhea-bhail na ndaoine sna foirgnimh etc.

AN tAONAD UM BAINISTIÚ FHOIRGNIMH NA nOIFIGÍ IDIRCHAIDRIMH

— Bainistiú maoine na bhfoirgneamh ina bhfuil na hoifigí idirchaidrimh agus teach Jean Monnet a riar;

— Bainistiú ar chothabháil, glantachán, fuinneamh agus tomhaltáin na bhfoirgneamh sin a riar;

— Gach seirbhís riaracháin agus dlíthiúil a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aonaid a sholáthar;

— Gach seirbhís buiséadach agus airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aonaid um Bainistiú Fhoirgnimh na nOifigí Idirchaidrimh agus an Aonaid um Europa Experience agus um Shuirbhéanna ar an Margadh Réadmhaoine a sholáthar;

— Faoi chuimsiú na bhfreagrachtaí chuige sin, na beartais chomhshaoil a chur i bhfeidhm;

— Na cúraimí a bhfuil tuairisc anseo thuas orthu a riar ar bhonn an chomhair idirinstitiúidigh agus na socruithe riaracháin atá glactha in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach;

— An Mheitheal um Fhoirgnimh, um Iompar agus um an bParlaimint Ghlas a choinneáil ar an eolas i dtaobh dhul chun cinn na sainchomhad a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí an aonaid agus nasc leis na húdaráis pholaitiúla a riar.

AN tAONAD UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE SAORÁIDÍ SA BHRUISÉIL

— Bainistiú ar chothabháil na gcóras teicniúil (leictreachas, brath dóiteáin, soilsiú, téamh, aerchóiriú, an soláthar uisce agus suiteálacha sláintíochta, ardaitheoirí, etc.), agus freisin ar oibreacha struchtúir agus oibreacha bailchríche (siúinéireacht lasmuigh agus laistigh, ballaí, díonta, bailchríochnú laistigh agus lasmuigh);

— Glantacháin, bainistiú bruscair agus spásanna glasa;

— Gníomhaíochtaí cothabhála agus bainistithe saoráidí, chomh maith le hiniúchtaí agus cigireachtaí teicniúla ar na foirgnimh sa Bhruiséil, lena n-áirítear seirbhísí riaracháin, airgeadais agus buiséadacha atá bainteach le bainistiú maoine;

— Bainistiú comhshaoil agus bainistiú ar fhuinneamh, sláinte agus slándáil;

— Cigireachtaí rialála ar shuiteálacha teicniúla;

— Bainistiú saoráidí, atá comhtháite, nua-aimseartha agus dírithe ar na cliaint, a chur i bhfeidhm;

— Faireachán trédhearcach agus tuairisciú leormhaith i dtaobh na gcostas cothabhála a chur i bhfeidhm.

AN tAONAD UM OIBREACHA COTHABHÁLA SA BHRUISÉIL

— Athnuachan, athchóiriú agus bainistiú na n-oibreacha cothabhála sna foirgnimh sa Bhruiséil chun leanúnachas ghníomhaíochtaí na Parlaiminte a áirithiú;

— Clársceideal ilbhliantúil a leagan síos le haghaidh staidéir agus oibreacha chun uasghrádú a dhéanamh ar threalamh teicniúil agus chun foirgnimh a athchóiriú agus a athfheistiú de réir bheartas foirgníochta na Parlaiminte;

— Ina leith sin, faireachán trédhearcach comhfhreagrach agus tuairisciú leormhaith ar na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aonaid a leagan síos;

— Córas comhtháite bainistithe foirgneamh bunaithe ar an Samhaltú Faisnéise Foirgneamh (*Building Information Modelling* (BIM)) a chur chun feidhme;

— Bainistiú agus nuachóiriú a dhéanamh ar na cartlanna grafaice agus teicniúla in áitribh na Bruiséile, chomh maith leis an gcomharthaíocht sábháilteachta agus an treochomharthaíocht go léir a chur chun feidhme sna foirgnimh.

AN tAONAD UM BAINISTIÚ AGUS UM CHOTHABHÁIL NA BHFOIRGNEAMH IN STRASBOURG

— Bainistiú na ngníomhaíochtaí teicniúla, riaracháin agus airgeadais a bhaineann le cothabháil na bhfoirgneamh a riar: na córais theicniúla (leictreachas, brath dóiteáin, soilsiú, téamh, aerchóiriú, suiteálacha uisce agus sláintíochta, ardaitheoirí, fuinneamh agus tomhaltáin) agus oibreacha struchtúir/oibreacha bailchríche (siúinéireacht, ballaí, díonta, bailchríochnú, troscán fosaithe, eochracha);

— Clársceideal ilbhliantúil agus bainistiú teicniúil, riaracháin agus airgeadais na staidéar agus na n-oibreacha le haghaidh uasghrádú trealaimh agus le haghaidh athchóiriú agus athfheistiú na bhfoirgneamh a riar;

— Gníomhaíochtaí teicniúla, riaracháin agus airgeadais a bhaineann le glantachán, bainistiú bruscair agus spásanna glasa a bhainistiú;

— Na beartais chomhshaoil a chur i bhfeidhm, feabhsú ar rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú, straitéis foirgneamh a fhorbairt chomh maith le dea-bhail na ndaoine sna foirgnimh;

— Sa réimse inniúlachta, cúnamh a thabhairt do sheirbhísí eile, Ardstiúrthóireachtaí eile agus do na Feisirí ar an láthair in Strasbourg;

— Riarachán agus gach feidhm airgeadais, buiséadach agus dlíthiúil a ghabhann le héadáil, le fáil ar cíos agus le bainistiú na bhfoirgneamh a riar.